2024.S28T

2024J005C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2024

# Tíreolaíocht

## Comhleibhéal

## Déardaoin 6 Meitheamh  Tráthnóna 1:30 - 3:30

360 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Tá **naoi** gceist ar an bpáipéar seo.

Freagair gach ceist.

Níl na ceisteanna go léir ar cómharc.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Tá cead agat úsáid a bhaint as peann luaidhe agus as pinn luaidhe dathúcháin faoi choinne sceitsí, graf agus léaráidí amháin.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás fágtha faoi choinne obair bhreise ag deireadh an leabhráin. Cuir lipéad ar aon obair bhreise mar sin a thaispeánfaidh uimhir agus mír na ceiste go soiléir.


Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Cuiread léarscáil 1:10 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus eochair eolais ar fail ar bhileog eile agus tá siad le n-úsáid chun ceisteanna 4(a) agus 8 a fhreagairt.

Is ar leathanach 30 atá an eochair eolais do ne sleachta as an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis i gceisteanna 4(b), 6 agus 7.

## Ceist 1

**(a)** Taispeántar suíomh cuid de theorainneacha plátaí an domhain ar an léarscáil. Scrúdaigh an léarscáil agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.




**(i)** Cé acu pláta díobh seo a bhfuil Éire suite air?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

- Pláta Mheiriceá Thuaidh ☐
- Pláta na hEoráise ☐
- An Pláta Indiach Astrálach ☐

**(ii)** Ainmnigh an ghné a fhaightear ag an suíomh a bhfuil an lipéad **X** air?

**(iii)** Cén cineál teorann atá suite ag **Y**?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

- Imbhualadh ☐
- Scaradh ☐
- Sleamhnú ☐

**(iv)** Cén t-ainm a thugtar ar shraith uachtair an domhain?

**(b)** Mínigh an dóigh a dtarlaíonn crith talún. Bain úsáid as léaráid lipéadaithe chun tacú le do mhíniú.

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| Léaráid lipéadaithe: |

**(c)** Léigh an t-alt thíos agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.



### Crith Talún sa Tuirc-an tSiria

Bhuail creathanna talún móra an Tuirc agus an tSiria ar an 6 Feabhra 2023. Bhí méid 7.8 ar Scála Richter sa chrith talún ba mhó. De réir na Náisiún Aontaithe (NA), fágadh 1.5 milliún duine i ndeisceart na Tuirce gan dídean. Thit na mílte foirgneamh go talamh. Rinneadh mórán damáiste do bhonneagar, bóithre agus soláthairtí fuinnimh san áireamh.

**(i)** De réir na Náisiún Aontaithe cé mhéad duine a fágadh gan dídean i ndiaidh na gcreathanna talún?

| |
|---|
| |

**(ii)** Tabhair sampla **amháin** den scrios a rinne an crith talún atá luaite san alt thuas.

| |
|---|
| |

**(iii)** Cé acu díobh seo a leanas a úsáidtear mar ghléas chun crith talún a thomhas? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.


- Scála Richter ☐
- Seismeagraf ☐
- Scála Mercalli Modhnaithe ☐

**(iv)** Déan cur síos achomair ar fhreagra fadtéarmach **amháin** ar chreathanna talún.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 2**

**(a)** Scrúdaigh an graf thíos ina dtaispeántar líon na ndaoine i réigiúin éagsúla den domhan a easáitíodh de bharr eachtraí suntasacha aimsire agus freagair na ceisteanna a leanas.




**(i)** Cé mhéad duine (ina milliúin) a easáitíodh de bharr eachtraí suntasacha aimsire i Meiriceá Thuaidh agus Theas?

**(ii)** Cén réigiún as ar easáitíodh an líon ba mhó daoine de bharr eachtraí suntasacha aimsire?

**(iii)** Ainmnigh sampla **amháin** d'eachtra shuntasach aimsire a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**(b)** Tá athrú aeráide ag méadú eachtraí suntasacha aimsire amhail stoirmeacha agus triomach. Tá aeráidí ag athrú de bharr méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa.

**(i)** Ainmnigh **dhá** fhoinse d'astaíochtaí gás ceaptha teasa.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(ii)** Mínigh cúis **amháin** a bhfuil astaíochtaí gás ceaptha teasa ag méadú.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** *Is é atá san imirce ná bogadh daoine ó áit amháin go háit eile ar feadh tréimhse bhreisithe ama*.

**(i)** Ainmnigh cúis **amháin** leis an imirce, seachas eachtraí suntasacha aimsire.

| |
|---|
| |

**(ii)** Mínigh dúshlán/bacainn **amháin** a d'fhéadfadh a bheith roimh dhuine a bhfuil fonn air/uirthi tír a fhágáil.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3**

**(a)** Léigh an t-alt thíos agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.



Tá taighdeoirí ag earcú oibrithe deonacha do thionscadal atá á mhaoiniú ag Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann agus a bhfuil sé mar aidhm aige an tuairisciú ar sciorrthaí talún a mhéadú. Dúirt an Dochtúir Niamh Ní Chuilinn, príomhthaighdeoir an tionscadail, "Táimid ag iarraidh tuairisciú ar sciorrthaí talún cois cósta a mhéadú trí rannpháirtíocht an phobail."
In Éirinn, i mbunachar náisiúnta na sciorrthaí talún, tá beagnach 3,000 eachtra, ach is fíorbheagán acu a tháinig ón gcósta. "Ó na sonraí, is eol dúinn go dtarlaíonn mórán sciorrthaí talún intíre de bharr báisteach throm nó dhian," a mhínigh an Dochtúir Ní Chuilinn. "Is í an fhadhb atá againn ná nach bhfuil ach céatadán beag de thaifid ar sciorrthaí talún cois cósta againn i mbunachar na sciorrthaí talún".

**(i)** Cén t-ainm atá ar an eagraíocht atá ag maoiniú an tionscadail?

**(ii)** Cén áit inar tharla formhór na sciorrthaí talún atá liostaithe ar an mbunachar náisiúnta?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Intíre ☐ Ar an gcósta ☐

**(iii)** Céard is cúis le mórán de na sciorrthaí talún intíre dar leis an Dochtúir Ní Chuilinn?

**(iv)** Mínigh cúis **amháin** a bhféadfadh sciorradh talún tarlú cois cósta.

**(v)** Ainmnigh **dhá** shampla de ghníomhaíocht an duine ar féidir leo a bheith mar chúis le hollghluaiseacht.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(vi)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart do gach ceann chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis thíos.

| | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| (a) Dá ghéire an fána is ea is tapa a bheidh an ollghluaiseacht. | ☐ | ☐ |
| (b) Moillíonn ró-innilt ag ainmhithe ar fhánaí próiseas na hollghluaiseachta. | ☐ | ☐ |

**(b)** **(i)** Ainmnigh cineál **amháin** ollghluaiseachta atá mall.

| |
|---|
| |

**(ii)** Tarraing léaráid lipéadaithe ina dtaispeánfar **dhá** iarmhairt atá ag cineál ollghluaiseachta atá mall. Lipéadaigh gach iarmhairt ar do léaráid.

Spás don léaráid lipéadaithe:

**(c)** Déanann daoine iarracht próisis nádúrtha a smachtú ar mhórán bealaí éagsúla.




Déan plé ar shampla **amháin**, a bhfuil staidéar déanta agat air, ina ndéanann daoine iarracht próiseas/próisis nádúrtha a smachtú. I do fhreagra, tabhair an suíomh **agus** an próiseas/na próisis nádúrtha.

**Ceist 4**

**(a)** Scrúdaigh an léarscáil de Bhaile Coimín agus an eochair eolais a sholáthraítear ar leithligh ón bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

**(i)** Tarraing sracléarscáil de limistéar Bhaile Coimín (*Blessington*) sa spás thíos agus taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas:

- Bóthar an Náis (*Naas Road*) (R410)
- Teorainn an Chontae
- Coláiste Pobail Bhaile Coimín (*Blessington Community College*)
- Taiscumar Pholl an Phúca (*Pollaphuca Reservoir*).

Sracléarscáil de Bhaile Coimín

**Eochair**

**(ii)** De réir na heochrach eolais, cén tseirbhís a léiríonn gach ceann de na siombailí seo a leanas ar an léarscáil?

| Siombail | Seirbhís |
|---|---|
|  | |
|  | |


**(iii)** Dá dtaistealófá i líne dhíreach ó CLG Bhaile Coimín (*Blessington GAA*) i gcearnóg eangaí A1 go dtí oifig an phoist i gcearnóg eangaí B2, cén treo ina mbeifeá ag taisteal? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Siar ó dheas ☐ Soir ó thuaidh ☐ Soir ó dheas ☐

**(b)** Scrúdaigh an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis thíos ar a dtaispeántar an limistéar thart ar Bhaile Coimín agus ar an mBaile Mór agus an eochair eolais ar leathanach 30. Freagair na ceisteanna seo a leanas.



Úsáid an scalá 1:50 000 thíos leis an gceist seo a leanas a fhreagairt.




2 ceintiméadar sa chiliméadar (taobh chearnóg eangaí)

**(i)** Céard é an fad ina líne dhíreach idir Oifig an Phoist i mBaile Coimín agus Oifig an Phoist sa Bhaile Mór?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

6.1 ciliméadar ☐

6.4 ciliméadar ☐

7.2 ciliméadar ☐

**(ii)** Tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr do cheann amháin de na stáisiúin chumhachta hidrileictreacha (HEP) atá ó dheas den Bhaile Mór.

**(iii)** Is sampla amháin é an chumhacht hidrileictreach (HEP) d'fhuinneamh in-athnuaite.
Liostaigh **dhá** shampla eile den fhuinneamh in-athnuaite.

1.


2.

**(c)** Ar an léarscáil de Bhaile Coimín a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ar an sliocht as an léarscáil ar an leathanach roimhe taispeántar Taiscumar Pholl an Phúca ar soláthar uisce é don limistéar thart air.

Mínigh an dóigh a bhféadfaí soláthairtí uisce, amhail an ceann seo, a thruailliú.

**Ceist 5**

**(a)** Scrúdaigh an léarscáil thíos ar a dtaispeántar na réimsí teochta a tuaradh san Eoraip don 27 Meitheamh 2023 agus freagair na ceisteanna a leanas.




**(i)** Céard é an teocht is ísle a bhí tuartha in Éirinn? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

24-28°C ☐ 28-32°C ☐ 16-20°C ☐

**(ii)** Cén ceann de na tíortha seo a leanas ina bhfuil an teocht is airde tuartha? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

An Spáinn ☐ An Fhrainc ☐ An Ríocht Aontaithe ☐

**(iii)** Ainmnigh aeráid na hÉireann.

**(iv)** Mínigh cúis **amháin** gur dóichí go mbeadh na teochtaí níos ísle i limistéir i dtuaisceart na hEorpa ná mar a bheidís i limistéir i ndeisceart na hEorpa.

**(b)** Taispeántar sa tábla thíos na sonraí aeráide do Santorini, ceann scríbe sa Ghréig a bhfuil an-tóir ag turasóirí air agus a bhfuil a lán tránna ann. Déan staidéar ar an tábla agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

| **Mí** | Ean | Fea | Már | Aib | Beal | Meith | Iúil | Lún | MF | DF | Sam | Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teocht (°C)** | 12 | 13 | 14 | 16 | 20 | 24 | 26 | 26 | 24 | 21 | 17 | 13 |
| **Fliuchras (mm)** | 71 | 43 | 40 | 16 | 11 | 0 | 7 | 0 | 11 | 38 | 60 | 73 |
| **Uaireanta an chloig gréine in aghaidh an lae ar an meán** | 7 | 7 | 9 | 11 | 12 | 13 | 14 | 13 | 11 | 9 | 8 | 6 |

**(i)** Cé mhéad uair an chloig gréine in aghaidh an lae ar an meán a bhí in Santorini san Aibreán?

**(ii)** Céard é réimse na teochta bliantúla in Santorini?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.


10°C ☐ 12°C ☐ 14°C ☐

**(iii)** Ríomh an meánfhliuchras do na trí mhí Deireadh Fómhair, Samhain agus mí na Nollag.
Bain úsáid as an aonad tomhais ceart i do fhreagra.

Obair gharbh roghnach

**(iv)** Tugann tromlach na dturasóirí cuairt ar Santorini i míonna an Mheithimh, Iúil agus Lúnasa. Mínigh cúis **amháin** a bhfuil na míonna sin tarraingteach do chuairteoirí chun cuairt a thabhairt ar an limistéar seo. Bain úsáid as fianaise ón tábla chun tacú le do fhreagra.

**(c)** Scrúdaigh an cairt aimsire thíos agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.




**(i)** Cé acu de na cineálacha fronta seo a leanas a bhfuil an lipéad **A** air ar an gcairt aimsire thuas?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Fronta te ☐
Fronta fuar ☐
Fronta oclúidithe ☐

**(ii)** Céard é brú an atmaisféir (i milleabair/heicteapascail) ag an suíomh a bhfuil an lipéad **B** air?

| |
|---|
| |

**(iii)** *Baintear úsáid as uirlis ar a dtugtar baraiméadar chun brú an atmaisféir a thomhas.*

An bhfuil an ráiteas sin fíor nó bréagach?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Fíor ☐
Bréagach ☐


**(iv)** Cén suíomh a thaispeántar ar an gcairt aimsire a bhfuil frithchioclón le feiceáil ann?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**B** ☐
**C** ☐

**(v)** Ag baint úsáid as an gcairt aimsire ar an leathanach roimhe seo, cuir na dálaí aimsire a mbeifeá ag súil leo sna limistéir a bhfuil na lipéid **A** agus **C** orthu i gcodarsnacht lena chéile. Déan tagairt don ghaoth **agus** don fhrasaíocht i do fhreagra.

**Ceist 6**

**(a)** Scrúdaigh an sliocht as léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis thíos agus an eochair eolais ar leathanach 30 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.




**(i)** Cé acu de na gnéithe seo a leanas, a chruthaíonn aibhneacha, atá le feiceáil ag **A** thuas?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

- Lúb ☐
- Deilt ☐
- Leibhé ☐

**(ii)** Cé acu de na gnéithe seo a leanas, a chruthaítear de bharr oighrithe, atá le feiceáil ag **B** thuas?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

- Droimnín ☐
- Eiscir ☐
- U-ghleann ☐

**(iii)** Cén t-ainm atá ar an bpointe ag a ritheann abhainn amháin isteach in abhainn eile, a bhfuil an lipéad **C** air ar an sliocht as an léarscáil thuas?

| |
|---|
| |


**(iv)** Tabhair píosa **amháin** fianaise as an sliocht ón léarscáil ar an leathanach roimhe seo a thaispeánann gur forbraíodh an limistéar seo chun tacaíocht a thabhairt don turasóireacht **agus** luaigh an dóigh a bhféadfadh turasóirí úsáid a bhaint as.

| |
|---|
| Fianaise: |
| An dóigh a bhféadfadh turasóirí úsáid a bhaint as: |
| |
| |

**(b)** Mínigh an dóigh a n-athraíonn na próisis a bhaineann le creimeadh abhann **nó** na próisis a bhaineann le creimeadh oighreach cruth an tírdhreacha.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** **(i)** Cén suíomh thíos, **A** nó **B**, ar dóichí go dtarlóidh síonchaitheamh meicniúil ann (amhail gníomhaíocht reo is coscartha)?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.




**A** ☐





**B** ☐

**(ii)** Mínigh cúis **amháin** le do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 7**

**(a)** Scrúdaigh an sliocht as an léarscáil thíos ar a dtaispeántar Dairbhre agus an eochair eolais ar leathanach 30. Freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.




**(i)** Cé acu de na pátrúin lonnaíochta tuaithe atá le feiceáil taobh istigh den dronuilleog a bhfuil an lipéad **A** uirthi?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Líneach ☐


Cnuasta ☐

Scaipthe ☐

**(ii)** Mínigh go hachomair toisc **amháin** a raibh tionchar aici ar shuíomh an tsráidbhaile, an Caol, a bhfuil an lipéad **B** air ar an sliocht as an léarscáil.

**(iii)** Ainmnigh seaniarsma **amháin** atá le feiceáil ar an sliocht as an léarscáil thuas.

**(b)** Scrúdaigh an phirimid daonra do Dhairbhre in 2022 agus freagair na ceisteanna a leanas.




**(i)** An bhfuil níos mó fireannach nó níos mó baineannach san aoisghrúpa 60-64?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Fireannaigh ☐ Baineannaigh ☐


**(ii)** Cé mhéad baineannach atá san aoisghrúpa 80-84?

**(iii)** Ríomh an daonra iomlán atá san aoisghrúpa 35-39.

**(c)** Mínigh bealach **amháin** a raibh tionchar ag an domhandú ar an lonnaíocht in Éirinn.

**Ceist 8**

**(a)** Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Bhaile Coimín thíos agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.




**(i)** Meaitseáil gach ceann de na suíomhanna san fhótagraf a bhfuil na lipéid **A**, **B**, **C** agus **D** orthu leis an bhfianaise ar fheidhm is fearr a mheaitseálann é sa tábla thíos.

| Fianaise ar Fheidhm | (i) Suíomh ar an bhfótagraf |
|---|---|
| Ollmhargadh | **D** |
| Trá | |
| Monarcha | |
| Teach | |

**(ii)** Meaitseáil gach ceann de na feidhmeanna sa bhosca thíos leis an bhfianaise atá liostaithe sa tábla.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tráchtáil | Cónaitheach | ~~Caitheamh Aimsire~~ | Tionsclaíoch |

| Fianaise ar Fheidhm | (ii) Feidhm |
|---|---|
| Ollmhargadh | |
| Trá | **Caitheamh Aimsire** |
| Monarcha | |
| Teach | |

**(iii)** Cén chuid den fhótagraf ar an leathanach roimhe seo a bhfuil an loch le feiceáil inti? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

An Cúlra ☐

An Talamh Láir ☐

An Tulra ☐

**(iv)** Is minic a bhíonn séipéil agus reiligí le fáil gar do lár an bhaile. Cén fheidhm ar sampla di iad sin?

**(b)** Scrúdaigh an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.


**(i)** Cén chearnóg eangaí den léarscáil, a ghabhann leis an bpáipéar seo, ina bhfuil Eastát Tionsclaíoch Bhaile Coimín (*Blessington Industrial Estate*) suite.

**(ii)** Agus fianaise ón léarscáil in úsáid agat, mínigh cúis **amháin** a bhfuil Eastát Tionsclaíoch Bhaile Coimín (*Blessington Industrial Estate*) lonnaithe ag an suíomh sin.

**(c)** Ainmnigh baile **amháin** nó cathair **amháin**, a bhfuil staidéar déanta agat air/uirthi **agus** mínigh bealach **amháin** ar athraigh an baile/an chathair sin le himeacht ama.

**Ceist 9**

**(a)** Scrúdaigh an graf thíos ar a dtaispeántar ionchas saoil i gcúig thír ó 1960 go 2019 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.




Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas.

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Tá an t-ionchas saoil is airde ag an tSeapáin. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Bhí an t-ionchas saoil i Mailí in 2019 cothrom le 50 bliain. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Idir 1970 agus 2019 d'ardaigh an t-ionchas saoil san India go seasta. | ☐ | ☐ |

**(b)** Mínigh cúis **amháin** a bhfuil an t-ionchas saoil íseal i dtíortha atá i mbéal forbartha.

**(c)** Mínigh **dhá** thoisc a mbíonn tionchar acu ar rátaí breithe i dtír forbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. Ainmnigh an tír forbartha i do fhreagra.

Spás breise do fhreagraí.


Cuir lipéad ar gach giota oibre a thaispeánfaidh uimhir agus mír na ceiste/na gceisteanna go soiléir.

Spás do léaráid/léaráidí

Spás breise do fhreagraí.

Cuir lipéad ar gach giota oibre a thaispeánfaidh uimhir agus mír na ceiste/na gceisteanna go soiléir.

Spás do léaráid/léaráidí



Tailte Éireann
Clárúchán, Luacháil, Suirbhéireacht
Registration, Valuation, Surveying
OSi Ordnance Survey Ireland
DISCOVERY SERIES SRAITH EOLAIS
M 1
Mótarbhealach
Motorway (Junction number)
N 11
Bóthar príomha náisiúnta
National Primary Road
N 71
Bóthar tánaisteach náisiúnta
National Secondary Road
Carrbhealach dúbailte
Dual Carriageway
Bóthar príomha /tánaisteach náisiúnta beartaithe
Proposed Nat. Primary / Secondary Road
R 574
Bóthar Réigiúnach
Regional Road
4 metres min
4 metres max
Bóthar den tríú grád
Third Class Road
Boithre de chineál eile
Other Roads
Bealach
Track
Aerfort
Airport
Aerpháirc
Airfield
9 18 27
Galfchúrsa, machaire gailf
Golf Course or Links
Bealach rothar
Cycle route
Siúlbhealach le comharthaí; Ceann Slí.
Waymarked Walks; Trailheads.
Teorainn idirnáisiúnta
International Boundary
Teorainn chontae
County Boundary
An Ghaeltacht
Irish speaking area
Páirc Náisiúnta
National Park
Páirc Foraoise
Forest Park
Seilbh de chuid an Aire Chosanta
Dept. of Defence Property
Foraois bhuaircíneach
Coniferous Plantation
Coilearnach Dhuillsilteach
Deciduous Woodland
Foraois mheasctha
Mixed Woodland
Ionad pairceála
Parking
A T
An Taisce
National Trust
Tearmann Dúlra
Nature Reserve
Feirm Ghaoithe
Wind Farm
Foirgnimh le hais a chéile
Built up Area
Ionad eolais turasóireachta (ar oscailt ar feadh na bliana)
Tourist Information centre (regular opening)
Ionad eolais turasóireachta (ar oscailt le linn an tséasúir)
Tourist Information centre (restricted opening)
Garda Síochána
Police
PO
Oifig phoist
Post office
Eaglais no séipéal
Church or Chapel
Ardeaglais
Cathedral
Líne tarchurtha leictreachais
Electricity Transmission Line
Stáisiún cumhachta (uisce)
Power Station (Hydro)
Stáisiún cumhachta (breosla iontaiseach)
Power Station (Fossil)
Crann
Mast
Brú de chuid An Óige
Youth Hostel (An Óige)
Brú saoire Neamhspleách
Independent Holiday Hostel
Láithreán carbhán (idirthurais)
Caravan site (transit)
Láithreán campála
Camping site
Láithreán picnicí
Picnic site
Ionad deарctha
Viewpoint
Iarnróid
Railways
Iarnród tionscalaíoch
Industrial Line
Tollán
Tunnel
LC
Crosaire comhréidh
Level Crossing
Stáisiún traenach
Railway Station
Séadchomhartha Ainmnithe
Named Antiquities
Clós, m.sh. Ráth nó Lios
Enclosure, e.g. Ringfort
Láthair Chatha (le dáta)
Battlefield (with date)
1000
900
800
700
600
500
400
300
200
100
Loch
Lake
Canáil, canáil (thirim)
Canal, Canal (dry)
Abhainn nó sruthán
River or Stream
Líne bharr láin
High Water Mark
shingle,mud sand or loose rock
Líne lag trá
Low Water Mark
Trá
Beach
Ferry V
Bád fartha (feithiclí)
Ferry (Vehicle)
Ferry P
Bád fartha (paisinéirí)
Ferry (Passenger)
Teach Solais in úsáid / as úsáid
Lighthouse in use / disuse
Bádóireacht
Boating activities
Céim imlíne comhairde 10m
10m Contour Interval
Céim imlíne comhairde 50m
50m Contour Interval
Cuaille triantánachta
Triangulation Pillar
123 •
Spota airde
Spot Height
Trasnú cliathráin
Graticule Intersection
IRISH NATIONAL GRID
A B C D E
F G H J K
L M N O P
Q R S T U
V W X Y Z
SUMMIT INFORMATION
Above 600m
599m - 400m
Below 400m
NOTE Over 600m summits must have a prominence of 15m
Between 400m and 599m a prominence of 30m and from 150 to 399m a prominence of 150m
The summit classification is courtesy the Mountain Views hillwalking community.
The lists used, updated to 2009, include:
The "Arderins" 500m list.
The "Vandeleur-Lynam" 600m list,
and other lists for smaller tops and county high points.

## Admhálacha

**Íomhánna**

Íomhá ar leathanach 3: http://www.texasgateway.org

Íomhá ar leathanach 6: https://www.migrationdataportal.org/themes/environmental_migration_and_statistics

Íomhanna ar leathanach 10: http://www.wicklow.ie, https://kilcullenbridge.blogspot.com/, http://www.geograph.ie, https://corksafetyalerts.com

Íomhanna ar leathanach 12: Tailte Éireann and http://www.scoilnetmaps.ie

Íomhá ar leathanach 14: https://www.bbc.com/news/world-europe-48780685

Íomhá ar leathanach 16: http://www.met.ie

Íomhá ar leathanach 18: http://www.scoilnetmaps.ie

Íomhanna ar leathanach 20: http://www.scoilnetmaps.ie

Íomhá ar leathanach 21: http://www.scoilnetmaps.ie

Íomhá ar leathanach 22: http://www.cso.ie

Íomhá ar leathanach 23: http://www.myhome.ie

Íomhá ar leathanach 26: https://ourworldindata.org/life-expectancy

**Téacsanna**

Alt ar leathanach 5: https://www.bbc.com/news/uk-64742187

Alt ar leathanach 8: https://www.independent.ie/regionals/wexford/news/citizen-scientists-across-wexford-urged-to-support-coastal-landslide-study/42435422.html

Sonraí ar leathanach 15: http://www.holiday-weather.com

D’fhéadfadh sé gur athchóiríodh ábhar, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Tíreolaíocht

Déardaoin 6 Meitheamh

Tráthnóna 1:30 - 3:30